Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Meitheamh 2024**
**(OR. en)**

**11153/24**

**COSI 118**
**ENFOPOL 300**
**CRIMORG 96**
**CATS 60**
**CORDROGUE 82**
**COPEN 315**
**JAI 1037**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 13 Meitheamh 2024 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10512/24 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis na líonraí coiriúla is bagraí a mhapáil – Conclúidí ón gComhairle (an 13 Meitheamh 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis na líonraí coiriúla is bagraí a mhapáil, a d'fhormheas an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile ag an 4031ú cruinniú a bhí aici an 13 Meitheamh 2024.

## Conclúidí ón gComhairle maidir leis na líonraí coiriúla is bagraí a mhapáil

**Réamhrá**

a) Is bagairt mhór í an choireacht eagraithe, lena n-áirítear an gháinneáil aindleathach ar dhrugaí, do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus d'institiúidí na hEorpa, do gheilleagar na hEorpa agus do shlándáil na mBallstát freisin. Tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaineann líonraí coiriúla as foréigean as cuimse, éilliú agus insíothlú an gheilleagair dhleathaigh agus na slabhraí soláthair, rud a chreimeann an smacht reachta agus a chuireann bunphrionsabail ár ndaonlathas i mbaol.

b) Is é is aidhm do Straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an gcoireacht eagraithe 2021-2025[1] forfheidhmiú an dlí agus an comhar breithiúnach a threisiú, dul i ngleic le struchtúir na coireachta eagraithe agus le coireanna ardtosaíochta, deireadh a chur le brabúis choiriúla agus a áirithiú go dtabharfaí freagairt nua-aimseartha ar fhorbairtí teicneolaíochta. Is iad Straitéis Drugaí an Aontais Eorpaigh 2021-2025[2] agus Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Drugaí 2021-2025[3] an creat polaitiúil uileghabhálach maidir leis an mbeartas drugaí. Is cur chuige fianaisebhunaithe, comhtháite, cothromaithe agus ildisciplíneach atá acu i ndáil le feiniméan na ndrugaí ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. I ndoiciméad a eisíodh ó shin, an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le treochlár an Aontais Eorpaigh chun gáinneáil ar dhrugaí agus an choireacht eagraithe a chomhrac[4], leagtar amach gníomhaíochtaí chun athléimneacht na mol lóistíochta a neartú, lena n-áirítear trí Chomhghuaillíocht na gCalafort Eorpach, maidir le líonraí coiriúla ardriosca a dhíchóimeáil agus maidir le comhar idirnáisiúnta.

[1] 8085/21 + ADD 1
[2] Straitéis Drugaí an Aontais 2021-2025: IO C 102I, 24.3.2021, lch. 1
[3] Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Drugaí 2021-2025: IO C 272, 8.7.2021, lch. 2
[4] 14114/23

c) Ar bhonn an chreata sin, is den riachtanas é gníomhú go héifeachtach, lena n-áirítear in aghaidh coireacht eagraithe a bhaineann le drugaí, mar chuid d'iarracht chomhoibritheach ó Bhallstáit, institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais, agus mar chuid de chur chuige ilghnéitheach. Sna conclúidí sin, tugtar aghaidh ar ghnéithe de na gníomhaíochtaí sin a bhaineann le teacht chun cinn agus leathadh líonraí coiriúla mar bhagairt mhéadaitheach ar an tslándáil agus ar an gcobhsaíocht ar fud na hEorpa, dá dteastaíonn freagairt láidir chomhbheartaithe éifeachtach ón Aontas Eorpach.

d) Le Straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an gcoireacht eagraithe 2021-2025, leagadh béim ar an ngá atá le 'pictiúr faisnéise níos fearr ar na grúpaí coireachta eagraithe atá i gcroílár ghréasán casta de líonraí coireachta eagraithe' agus iarradh ar Europol agus ar na Ballstáit 'pictiúir straitéiseacha agus oirbheartaíochta fhaisnéisbhunaithe a fhorbairt maidir leis na grúpaí sin ar bagairt mhéadaithe iad ar shlándáil na hEorpa, lena n-áirítear trí thuarascálacha *ad hoc* a fhorbairt a chomhlánaíonn Measúnú an Aontais ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe (SOCTA)'.

e) I gcomhréir le Straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an gcoireacht eagraithe 2021-2025, sna conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais a leagan síos do chomhrac na coireachta tromchúisí eagraithe le haghaidh EMPACT 2022-2025[5], glacadh freisin sainaithint agus cur isteach ar líonraí coiriúla ard-riosca[6] atá gníomhach san Aontas mar thosaíocht nua agus mar cheann de na spriocanna straitéiseacha comhchoiteanna cothrománacha, lena dtugtar le chéile údaráis forfheidhmithe dlí agus bhreithiúnacha Bhallstáit an Aontais agus a gcomhpháirtithe idirnáisiúnta (lena n-áirítear 37 dtríú tír in 2023), le tacaíocht ó institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais.

f) Ceann de na spriocanna straitéiseacha tábhachtacha ar tosaíocht é ó thaobh líonraí coiriúla ard-riosca de is ea pictiúr faisnéise na líonraí is bagraí a neartú.

g) De réir threochlár an Aontais chun gáinneáil ar dhrugaí agus an choireacht eagraithe a chomhrac, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na líonraí sin arb iad an bhagairt is mó ar ár sochaí agus ar an bpobal.

h) Thairis sin, i dtreochlár an Aontais iarrtar ar Europol, le tacaíocht ó na Ballstáit, cleachtadh mapála a sheoladh go luath in 2024 chun na líonraí coiriúla a shainaithint a chruthaíonn na bagairtí is mó, bíodh siad ag feidhmiú i dtíortha an Aontais nó i dtíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad.

---

[5] 8665/21

[6] 14542/2/23 REV 2

i) I mí Aibreáin 2024, sholáthair Europol a thuarascáil dar teideal *Decoding the EU's most threatening criminal networks*, ar cloch mhíle thábhachtach í chun tuiscint a fháil ar dhinimic agus castachtaí na líonraí coiriúla is bagraí.

j) Is pictiúr faisnéise comhlántach tábhachtach í an tuarascáil do Mheasúnú an Aontais ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe trí anailís níos mionsonraithe a dhéanamh ar chumais agus ar intinn na bpríomhghníomhaithe atá freagrach as na coireanna sin agus trí chur síos a dhéanamh ar shaintréithe na líonraí coiriúla atá ina bpríomhbhagairt ar shlándáil inmheánach an Aontais.

k) D'eascair tacar sonraí uathúil ó thuarascáil Europol ina dtugtar mionsonraí maidir leis na 821 líonra coiriúil is bagraí, ina bhfuil faisnéis fhairsing maidir lena ngníomhaíochtaí, náisiúntachtaí a gcomhaltaí agus a *modus operandi*, chomh maith leis an úsáid a bhaineann siad as struchtúir dhlíthiúla ghnó, naisc le líonraí coiriúla eile agus caidreamh le tíortha eile. Tá an fhaisnéis sin ar fad ar fáil in aon bhunachar sonraí láraithe amháin laistigh de Europol.

l) De réir thuarascáil Europol, léiríonn na líonraí coiriúla sin cumas iontach chun a bpróisis ghnó choiriúla a oiriúnú, tá siad in ann solúbthacht a chomhcheangal le hardleibhéal athléimneachta chun cur isteach ar fhorfheidhmiú an dlí agus úsáid a bhaint as teicnící sciúrtha airgid, mar shampla baincéireacht faoi thalamh, agus brabúis aindleathacha á gcumasc go minic acu le sócmhainní dlíthiúla ar bhealaí nach mbaineann aon idirbhearta airgeadais leo.

m) Cuirtear i bhfios go láidir sa tuarascáil go mbaineann 86 % de na líonraí coiriúla is bagraí úsáid as struchtúir dhlíthiúla ghnó mar bhealach chun a ngníomhaíochtaí coiriúla a éascú, mar fhrithbheart chun brath a sheachaint, nó chun airgead a sciúradh. Cuirtear i bhfios go láidir inti freisin go ndíríonn formhór na líonraí coiriúla is bagraí ar ghníomhaíocht choiriúil amháin, agus gurb iad gníomhaíochtaí gáinneála ar dhrugaí an réimse coireachta is suntasaí.

n) Is minic gur líonraí an-mharthanach iad na líonraí coiriúla is bagraí (agus aon trian díobh gníomhach le breis agus 10 mbliana). Is é conclúid thuarascáil Europol gur cheart gníomhaíochtaí forfheidhmithe dlí a dhíriú ar na líonraí sin, fiú má tá siad faoi ghrinnscrúdú forfheidhmithe dlí cheana féin.

o) Á chur san áireamh gurb í an tuarascáil thuasluaite an chéad cheann dá cineál, braitheadh roinnt bearnaí tábhachtacha faisnéise. Ar an gcéad dul síos, i gcás thart ar an gcúigiú cuid de na líonraí a tuairiscíodh, ní fios an mbaineann siad úsáid as foréigean nó éilliú. Ar an dara dul síos, i gcás níos mó ná aon trian de na líonraí coiriúla is bagraí, ní raibh aon fhaisnéis ar fáil maidir le méid a bhfáltas ón gcoireacht. Ar an tríú dul síos, tá bearna faisnéise ann maidir le tionscnamh na n-arm tine agus na bpléascán agus maidir leis na líonraí atá i mbun a ngáinneála.

p) Tionóladh seisiúin tuairimíochta i ndáil leis na líonraí coiriúla is mó atá ina mbagairt ar an tsochaí a mhapáil ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil agus ag cruinnithe foirmiúla an Bhuanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach (COSI) le linn Uachtaránacht na Beilge.

**Conclúidí ón gComhairle**

**Breithnithe ginearálta:**

1. Ag athdhearbhú di an tiomantas chun dul i ngleic leis an gcoireacht thromchúiseach eagraithe agus ag aithint di an bhagairt leanúnach a imríonn na líonraí coiriúla is bagraí ar shábháilteacht, ar shlándáil, agus ar rathúnas an Aontais Eorpaigh agus a chuid saoránach.

2. Agus cineál athraitheach agus sofaisticiúlacht na líonraí sin á n-aithint agus béim á leagan ar a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar chumais bailithe faisnéise agus é mar aidhm dlús a chur leis an gcomhar oibríochtúil idir na Ballstáit agus gníomhaireachtaí an Aontais.

3. Ós díol sásaimh di na léargais, conclúidí agus ceachtanna luachmhara a foghlaimíodh i dtuarascáil Europol 'Decoding the EU's most threatening criminal networks' [*Líonraí coiriúla an Aontais is bagraí a dhíchódú*] agus ag athdhearbhú di an gealltanas cur chuige cuimsitheach faisnéisbhunaithe a ghlacadh chun an choireacht eagraithe thromchúiseach a chomhrac – go háirithe líonraí coiriúla ardriosca – trí dhlúthchomhar idir na húdaráis inniúla náisiúnta, lena n-áirítear údaráis ábhartha forfheidhmithe dlí na mBallstát, údaráis bhreithiúnacha, institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach.

4. Ag athdhearbhú di breisluach agus ról lárnach an Ardáin Eorpaigh Ildisciplínigh i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT), mar ionstraim faoi stiúir na mBallstát, le tacaíocht ó institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, a úsáideann cur chuige ildisciplíneach chun bagairtí ón gcoireacht thromchúiseach eagraithe a shainaithint, a chur in ord tosaíochta agus aghaidh a thabhairt orthu.

5. Ós díol sásaimh di an tuarascáil agus na gníomhaíochtaí leantacha a ndéantar cur síos breise orthu sna conclúidí seo ón gComhairle mar chomhlánú riachtanach ar Measúnú an Aontais ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe agus ar thimthriall EMPACT, lena dtugtar aghaidh ar an bhfeiniméin choiriúla go príomha.

6. Ag aithint di go dtéann bagairt na coireachta eagraithe tromchúisí thar theorainneacha náisiúnta agus go bhfuil gá le freagairt chomhchoiteann straitéiseach agus oibríochtúil lena ndírítear ar struchtúir ina n-iomláine, bunaithe ar chomhar feabhsaithe trí fhaisnéis a mhalartú, imscrúduithe comhpháirteacha a dhéanamh, agus príomhchomhaltaí na líonraí coiriúla is bagraí a ionchúiseamh le rannpháirtíocht ghníomhach Bhallstáit an Aontais, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (‘OIPE’), gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais agus comhpháirtithe idirnáisiúnta.

7. Ag cur chun suntais gur céim bhunúsach eile é an pictiúr faisnéise maidir le líonraí coiriúla ardriosca a fhorbairt a thuilleadh chun tuilleadh feabhais a chur ar ár gcur chuige maidir lena ndíchóimeáil.

8. Ós deimhin léi gur gá leanúint d’fhreagairt éifeachtach a áirithiú ar bhagairt na líonraí coiriúla is bagraí trí bhearta beartais, straitéiseacha, beartacha agus oibríochtúla, de réir mar is ábhartha.

9. Ag athdhearbhú di go leanfaidh Europol de bheith ag tacú le gníomhaíochtaí údaráis inniúla na mBallstát agus lena gcomhar frithpháirteach, agus iad a neartú, d’fhonn an choireacht thromchúiseach eagraithe a dhéanann difear do dhá Bhallstát nó níos mó a bhrath, a chosc agus a chomhrac.

**Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:**

10. Foráil a dhéanamh go n-oibreoidh a seirbhísí forfheidhmithe dlí le Europol d’fhonn na sonraí ábhartha maidir le líonraí coiriúla atá ar fáil in Europol a shaothrú agus a anailísiú a thuilleadh chun a seasaimh faisnéise náisiúnta maidir leis na líonraí coiriúla sin a chomhlánú agus a chomhtháthú, i gcás inarb ábhartha.

11. A áirithiú – trí na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme – go mbeidh a seirbhísí forfheidhmithe dlí in ann an fhaisnéis ábhartha a roinnt le seirbhísí forfheidhmithe dlí Bhallstáit eile an Aontais nó tríú comhpháirtithe.

12. A iarraidh ar thiománaithe, comhthiománaithe agus ceannairí gníomhaíochta agus comhcheannairí thosaíochtaí ábhartha EMPACT leas breise a bhaint as torthaí thuarascáil Europol d’fhonn na céimeanna is gá a ghlacadh chun gníomhaíochtaí EMPACT a dhíriú a thuilleadh ar na líonraí coiriúla is bagraí a shainaithníodh.

13. A iarraidh ar a n-údaráis inniúla torthaí ábhartha na tuarascála a chur san áireamh chun an tacaíocht tosaíochta ó Europol a threorú a thuilleadh trí choincheap na spriocanna ardluacha/an tascfhórsa oibríochtúil (HVT/OTF), trí fhoirne comhpháirteacha imscrúdaithe agus trí ghníomhaíochtaí oibríochtúla spriocdhírithe EMPACT.

14. Imscrúduithe réamhghníomhacha agus uilechuimsitheacha maidir le líonraí coiriúla tosaíochta a dhéanamh chun gníomhaíochtaí tacaíochta ábhartha uile na líonraí sin a áireamh, agus teagmháil a dhéanamh le Eurojust, i gcás inarb ábhartha, chun rannpháirtíocht luath na n-údarás breithiúnach ábhartha a éascú d’fhonn tuilleadh tacaíochta a thabhairt d’imscrúdú agus d’ionchúiseamh phríomhbhaill na líonraí coiriúla is bagraí.

15. Iarraidh ar a n-údaráis náisiúnta tuilleadh infheistíochta a dhéanamh in imscrúduithe airgeadais agus iad a neartú, ina n-aonar nó i gcomhthráth leo siúd lena ndírítear ar chionta coiriúla eile, a bhfuil baint ag Eurojust agus ag páirtithe leasmhara eile leo i gcás inarb ábhartha, chun aisghabháil éifeachtach sócmhainní fáltas ó choireacht a áirithiú – i gcomhréir le Treoir (AE) 2024/1260 maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní – agus chun an t-éilliú agus an sciúradh airgid a chomhrac ar bhealach níos fearr.

16. A modhanna náisiúnta scanta agus braite a fhorbairt a thuilleadh chun na líonraí coiriúla is bagraí atá gníomhach ina mBallstát a bhrath ar bhealach níos cuimsithí agus níos cruinne. Sa chomhthéacs sin, iarrtar ar na Ballstáit a machnamh a dhéanamh ar a rannpháirtíocht i modheolaíocht dhiagnóiseach choiteann maidir leis an gcoireacht eagraithe a chruthú dá bhforáiltear cheana i bPlean Gníomhaíochta Oibriúcháin 2024-2025 laistigh de thosaíocht líonraí coiriúla ard-riosca EMPACT. Ba cheart an mhodheolaíocht a fhorbairt a thuilleadh sna blianta amach romhainn ionas go bhféadfaidh gach Ballstát í a chur i bhfeidhm ar bhealach solúbtha a oireann dá n-eagraíocht náisiúnta féin; ba cheart dóibh ar deireadh, áfach, caighdeáin a chinneadh chun gur fusa na bagairtí a bhaineann le líonraí coiriúla a chur i gcomparáid lena chéile agus a mhapáil ar leibhéal an Aontais.

17. Feabhas a chur ar na tionscnaimh oiliúna agus fothaithe acmhainneachta do phearsanra forfheidhmithe dlí agus d'údaráis bhreithiúnacha chun a n-acmhainneacht a neartú maidir leis na líonraí coiriúla is bagraí a bhrath, a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a shuaitheadh, i gcás inarb ábhartha i ndlúthchomhar le CEPOL.

**Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit agus ar Europol an méid seo a leanas a dhéanamh:**

18. Toradh an chleachtaidh mapála reatha a chomhtháthú i Measúnú an Aontais ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe 2025 agus é a chur san áireamh agus tosaíochtaí nua an chéad Timthrialla EMPACT eile 2026-2029 á sainiú, ag díriú go háirithe ar Phleananna Gníomhaíochta Oibriúcháin EMPACT 2026-2027 sa chéad chéim.

19. Cleachtadh mapála a dhéanamh gach dhá bhliain ar na líonraí coiriúla is bagraí, ag tosú le tuarascáil a bheidh le soláthar in 2026 ionas gur féidir í a chur san áireamh i bPleananna Gníomhaíochta Oibriúcháin EMPACT 2028-2029. Dá réir sin, ba cheart torthaí na tuarascála leantaí a chomhtháthú i SOCTA an Aontais/SOCTA meántéarma an Aontais agus leas a bhaint as Pleananna Gníomhaíochta Oibriúcháin débhliantúla EMPACT an Aontais. Chun an t-ualach oibre a íoslaghdú agus forléargas cothrom le dáta a áirithiú ar na líonraí is bagraí, cuirfidh Europol an tacar sonraí atá ann faoi láthair ar fáil do na Ballstáit agus beidh deis ag na Ballstáit a gcuid sonraí a nuashonrú go leanúnach de réir mar a mheastar é a bheith iomchuí.

20. Mionchoigeartú breise – ar bhonn na gceachtanna a foghlaimíodh agus i gcomhar le grúpa comhairleach SOCTA – a dhéanamh ar an modheolaíocht don chleachtadh mapála trí shonraí níos ionadaíche agus an mhodheolaíocht a athchoigeartú ar bhonn na dtáscairí bagartha a úsáideadh don chomhanailís bhreise.

21. Teacht ar chomhaontú go comhpháirteach – i gcomhthéacs cleachtaí mapála agus le haghaidh cleachtaí mapála a dhéanfar amach anseo – maidir le sainmhíniú coiteann oibre ar na líonraí coiriúla is bagraí.

22. Féachaint ar na féidearthachtaí - agus an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit maidir lena modheolaíochtaí náisiúnta a fhorbairt a thuilleadh á chur san áireamh - chun tuarascáil a chur amach inar féidir bagairt na líonraí coiriúla is bagraí a chur i gcomparáid leis na limistéir gheografacha ábhartha laistigh den Aontas.

23. Na bearnaí faisnéise maidir le húsáid an fhoréigin, méid na bhfáltas ón gcoireacht agus úsáid arm tine a bhraitear sa tuarascáil reatha a dhúnadh go comhpháirteach. Maidir leis an gceann deireanach sin, is gá tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le Pointí Fócasacha Náisiúnta Arm Tine a bhunú go hiomlán, maidir le bailiú comhchuibhithe sonraí a fhorbairt i ndáil le hurghabhálacha arm tine ar an leibhéal náisiúnta agus maidir leis an méid a chuirfidh sonraí le mol arm tine an Aontais in Europol amach anseo.

**Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:**

24. Leanúint de thacaíocht a thabhairt do EMPACT agus dá oibríochtaí mar ardán atá faoi stiúir na mBallstát le haghaidh cur chuige ildisciplíneach chun an choireacht thromchúiseach eagraithe a chosc agus a chomhrac, *inter alia* trí dheiseanna leordhóthanacha cistiúcháin a chur ar fáil.

25. Tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le comhaontuithe an Aontais a chaibidil le tíortha an Mheánoirthir agus na hAfraice Thuaidh agus le tíortha Mheiriceá Theas, comhaontuithe a bhfuil údarú tugtha ag an gComhairle dóibh cheana féin, chun na féidearthachtaí maidir le sonraí pearsanta a chomhroinnt le Europol agus Eurojust a mhéadú.

**Iarrann an Chomhairle freisin ar Europol an méid seo a leanas a dhéanamh:**

26. Tacar sonraí reatha na líonraí coiriúla a chur ar fáil do na Ballstáit in aon iarratas amháin nó in aon bhunachar sonraí amháin chun deis a thabhairt do na Ballstáit a gcuid sonraí féin a nuashonrú go leanúnach, agus an feidhmchlár sin a rolladh amach le linn 2025 chun a áirithiú nach mbeidh rochtain dhíreach ag na Ballstáit ach ar a gcuid sonraí féin.

27. Tuarascáil thiomnaithe a fhoilsiú faoi dheireadh 2024 maidir leis an úsáid a bhaineann na líonraí coiriúla is bagraí as na struchtúir dhlíthiúla ghnó. Cuirfidh an tuarascáil seo leis an mbealach chun cinn freisin maidir leis an tábhacht a bhaineann leis an gcur chuige riaracháin a úsáid a thuilleadh mar fhrithbheart tábhachtach chun an choireacht thromchúiseach eagraithe a chomhrac.

28. Tuarascáil thiomnaithe a fhoilsiú faoi dheireadh 2024 ina dtabharfar léargas níos fearr ar an nasc idir an choireacht agus an sceimhlitheoireacht agus ar na bealaí ina bhfuil líonraí coireachta eagraithe nasctha le gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta.

**Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún Eorpach an méid seo a leanas a dhéanamh:**

29. Leanúint den obair dul i ngleic leis an gcoireacht thromchúiseach eagraithe agus chun an cur isteach ar an insíothlú coiriúil sa gheilleagar dlíthiúil a chur chun cinn trí ghníomhaíocht riaracháin, agus leas a bhaint as an 'gcur chuige riaracháin', agus dlús a chur leis na hiarrachtaí chun an choireacht a chosc agus go háirithe na grúpaí coireachta eagraithe a earcaíonn leanaí agus daoine óga a chosc, lena n-áirítear trí thacú le hobair na n-údarás ábhartha ar an leibhéal áitiúil, an leibhéal réigiúnach agus an leibhéal náisiúnta san iarracht sin.